Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

**An Bhruiséil, 24 Iúil 2026**

**CM 3740/1/26**
**REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0209(NLE)**

**UK**
**PROCED**
**INDEF**
**RESUA**
**ECOFIN**
**FIN**
**BUDGET**
***ECB***

# TEACHTAIREACHT

## AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | secretariat.wpuk@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32 2 281 2276/5091 |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le rannpháirtíocht Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann sa chúnamh chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta na hÚcráine de bhun Airteagal 13(11) de Rialachán (AE) 2026/467<br>- Glacadh<br>- An nós imeachta i scríbhinn a thionscnamh |

Ag eascairt as an gcinneadh a rinne Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2), an 22 Iúil 2026, an nós imeachta i scríbhinn a úsáid, iarrtar oraibh a chur in iúl an aontaíonn sibh le glacadh an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le rannpháirtíocht Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann sa chúnamh chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta na hÚcráine de bhun Airteagal 13(11) de Rialachán (AE) 2026/467, mar a leagtar amach in 11769/26 é.

Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.

Is tráth a fhreagraítear an cheist ba cheart aon ráitis aontaobhacha a dhéanamh, cé is moite de na ráitis aontaobhacha a rinneadh cheana ag Coreper, d'fhonn ullmhú don nós imeachta i scríbhinn.

Ní mór na freagraí a bheith faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle **faoi 17.00 Dé hAoine, an 24 Iúil 2026.** Ba cheart iad a sheoladh le ríomhphost chuig secretariat.wpuk@consilium.europa.eu.